# Caibidil a Naoi
# Rialacháin i nDlínsí Eile

## 9.1 Réamhrá

Tá sé ráite linn nach bhfuil Ordú um Earraí Grósaera na hÉireann sainiúil ann féin agus go bhfuil forálacha den chineál céanna i bhfeidhm ag formhór tíortha eile as an AE. Rinne go leor de na haighneachtaí a fuarthas tagairt do chosc ar dhíolachán faoi chostas i dtíortha eile de chuid an AE.

Tá éagsúlacht leathan tuairimí ann, áfach, maidir leis sin. Mar shampla, luann IBEC ina aighneacht go bhfuil cosc ar dhíolachán faoi chostas i 10 dtír as 15 an AE, luann RGDATA go bhfuil "beartais cosúil leis an Ordú um Earraí Grósaera" i bhfeidhm ag 12 den 15 tír nó go bhfuil siad ag smaoineamh cosc den sórt sin a thabhairt isteach, agus tugann Musgraves le fios go bhfuil cosc nó "beartais cosúil leis" i bhfeidhm ag 7 dtír den 15 as an AE.

D'fhéachamar le heolas a fháil ar an gcás sna 15 ballstáit den AE sula ndeachaigh siad isteach san AE go príomha trí theagmhálacha le hambasáidí na hÉireann sna tíortha ábhartha. Tá an t-eolas chomh críochnúil agus chomh cruinn agus is féidir, chomh fada agus a cheadaítear leis na srianta a bhfuil cuntas orthu thíos.

Bíonn deacracht mór ann a chinntiú cad iad na srianta a bhíonn i bhfeidhm maidir le díolachán faoi chostas i dtíortha eile de bhrí chomh héagsúil agus a bhíonn na forálacha reachtacha a bhíonn i bhfeidhm. Ina theannta sin, tá sé léirithe ag taighde dá gcuid go bhfuil níos mó ná píosa reachtaíochta cuí ag roinnt tíortha.

Tabharfar cuntas sa chaibidil seo ar na forálacha reachtacha atá i bhfeidhm sna 15 AE amháin agus ní fhéachaimid le himscrúdú ná anailís a dhéanamh ar an aeráid eacnamúil, ar struchtúr an mhargaidh ná ar chleachtais trádála atá i bhfeidhm sna Baillstáit lena mbaineann. Breithníodh go rachadh anailís den sórt sin thar an scóip atá i gceist leis an tuarascáil seo.

D'ainneoin sin, aithnímid go mbeidh príomhthionchar ag na fachtóirí seo ar conas a bhíonn tionchar ag na forálacha aitheanta ar an trádáil miondíola in aon dlínse a thugtar agus má fhágtar amach as ár n-anailís iad cuirtear teorainn le chomh bailí agus atá an chomparáid seo idir Baillstáit.

Ina theannta sin, bhain an taighde le léirmhíniú a fháil ar dhlíthe náisiúnta atá leagtha amach, den chuid is mó, i dteangacha eile seachas Béarla. Leis sin b'éigean roinnt reachtanna náisiúnta a aistriú, agus ionas nach gcaillfí an chiall, d'fhéadfadh an teanga a bheith beagáinín mínádúrtha ó am go ham.

Ar ndóigh, de bhrí gurb í máthairthéacs na reachtaíochta an t-aon leagan nua atá ann, ní féidir na measúnachtaí a leanann é a ghlacadh mar léirmhínithe dleathacha cinnte. Is léiriú amháin atá i gceist leis na comparáidí atá againn féin.

## 9.2 An Seasamh sna 15 Ballstáit den AE:

### 1. An Ostair:

Níl aon chosc ginearálta i bhfeidhm faoi láthair san Ostair ar dhíol earraí grósaera faoin mbunphraghas. Is ionann reachtaíocht cuí reatha na hOstaire agus:

- *The Competition Act of 2002*,
- *The Cartel Act of 1988*,

Tá roinnt forálacha i ndlí iomaíochta na hOstaire, atá bunaithe go príomha ar an *Competition Act of 2002 (Wettbewerbsgesetz 2002*), agus an *Cartel Act of 1988 (Kartellgesetz 1988)* arna leasú le déanaí i 2003 – a chlúdaíonn mí-úsáid sheasamh ceannasach.

Go háirithe, tá liosta fada samplaí de chleachtais mí-úsáideacha ag comhlachtaí ceannasacha in Alt 35 den *Cartel Act*. Áirítear leis an liosta earraí a dhíol faoi mbunphraghas gan aon chúis a thabhairt. Cuirtear ualach cruthúnais ar an ngealltanas ceannasach a thaispeáint nach bhfuil an cleachtas frith-iomaíoch.

Ina theannta sin, bhí foráil inter alia sa *Neighbourhood Supply Act of 1977* (Nahversorgungsgesetz 1977), mar a ceapadh ar dtús é, le haghaidh cosc ar dhíol táirgí áirithe ag an mbunphraghas nó faoi. Mar sin féin, i 1990, fuair an Chúirt Bunreachta Féidéaralach amach nach raibh an tAirteagal oiriúnach den *Neighbourhood Supply Act* bunreachtúil, agus baineadh amach an foráil sin as an Acht. Mar sin, cé go bhfuil feidhm i gcónaí leis an Acht, níl foráil ann níos mó ó thaobh cosc ar dhíol earraí faoin mbunphraghas.

### 2. An Bheilg

Cuireann an Dlí ar Chleachtais Trádála agus Eolas agus Cosaint Tomhaltóirí cosc ar dhíolachán faoi chostas. Is fiú a thabhairt ar aird go bhfuil eisceachtaí leis sin.

Dar le hAirteagal 40 den Dlí

> *"All traders are forbidden to offer for sale or to sell a product at a loss. Below cost selling consists of all sales with a price that is not at least equal to the price at which the product was invoiced at the time of supply, or that which would be invoiced in the case of restocking. "*

Tá foráil in Airteagal 41 le haghaidh roinnt eisceachtaí ar an gcosc in Airteagal 40, mar seo a leanas:

- Táirgí a dhíoltar faoi leachtú;
- Táirgí a dhíoltar i sladmhargadh;
- Táirgí a dtagann meath tobann orthu agus nach féidir a chinntiú go féidir iad a chaomhnú;
- i gcás táirgí a thairgítear le díol mar fhreagra ar riachtanas tomhaltóirí gearrthéarmach, ag deireadh na hócáide a dtarlaíonn an riachtanas más léir nach féidir na táirgí sin a dhíol i ngnáthchoinníollacha trádála;
- Táirgí a bhfuil dochar tromchúiseach déanta dá luach tráchtála;
- chun praghsanna a chur ar aon dul leo sin a thairgeann iomaitheoirí.

Níl an dlí srianta chuig trádáil earraí grósaera amháin, agus de réir dealraimh níl sé srianta chuig an earnáil miondíola ach an oiread.

### 3. An Danmhairg

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas sa Danmhairg.

Mar sin féin, má bhíonn cuideachta ceannasach d'fhéadfadh sé a bheith mídhleathach díol faoi chostas in imthosca ar leith. Tá an cleachtas ó Údaráis Iomaíochta na Danmhairge maidir leis sin ag teacht le cleachtas Chúirt Dlí na hEorpa ar phraghsáil chreiche.

Tá an *Danish Competition Act* i bhfeidhm ó 1997. Rinneadh roinnt leasuithe ar an dlí (an ceann deiridh i mí na Nollag 2004) ach níor tháinig aon athrú ar an gcosc ar phraghsáil chreiche.

### 4. An Fhionlainn

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas san Fhionlainn, agus níl aon phleanann ann chun cosc a thabhairt isteach.

Cuireann Airteagal 6 den *Finnish Competition Act* (i bhfeidhm ó 1992) cosc ar ghealltanais nó ar chumainn gealltanas mí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach. Is ionann Airteagal 6 den Acht agus Airteagal 82 de Chonradh an AE ó thaobh na gcineálacha gníomhaíochtaí ar ionann iad agus mí-úsáid ar cheannas a leagan síos. Cineál amháin mí-úsáide is ea praghsanna díolacháin nó ceannacháin neamhchóir a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh praghsáil chreiche a bheith mar mhí-úsáid den chineál sin.

## 5. An Fhrainc[1]

Tá cosc i bhfeidhm ar dhíolachán faoi chostas san Fhrainc le fada an lá. Mar sin féin, ní díríodh go hiomlán ar an gceist sin go dtí gur tugadh an Dlí an 1 Iúil 1996 isteach, ar a dtugtar an *Loi Galland* nó Dlí Galland (i ndiaidh a údair, an tUasal Yves Galland a bhí ina Aire Stáit ar Thrádáil i Rialtas Lárnach-Deasach an Phríomhaire Alain Juppé).

Is ceann de phíosaí reachtaíochta cuí a cuireadh tríd sna 1990aidí agus roimhe sin é an *Loi Galland,* agus é mar aidhm aige siopaí miondíola traidisiúnta níos lú a chosaint in aghaidh ceannas a bhí hipearmhargaí lasmuigh de bhailte a fháil agus na cleachtais praghsála creiche a líomhnaíodh a bhí ar bun acu.

Deirtear linn go bhfuil sé deacair fáil amach cibé an éirigh leis an *Loi Galland* a phríomh aidhm a bhaint amach, is é sin deireadh a chur leis an meath atá ar líon na siopaí beaga. Dar leis an OECD, faoi 2001, bhí cúig cinn de na comhlachtaí ba mhó i gceannas ar 80% de mhargadh na Fraince.

Mar sin féin, aontaíonn formhór de lucht smaointeoireachta go bhfuil roinnt fianaise ann go bhfuil díchumadh déanta ag an dlí ar iomaíocht agus go bhfuil praghsanna níos airde dá réir agus cumhacht ceannacháin tomhaltóirí curtha as a riocht ar fad. Mar thoradh air sin, is é an *Loi Galland* ceann de na hachtanna is conspóidí de reachtaíocht thráchtála le roinnt blianta anuas agus tá an scéal amhlaidh fós.

I gcleachtas, cuireann an *Loi Galland* cosc ar mhiondíoltóirí díol faoin bpraghas ar an sonrasc, ach ceadaítear do mhiondíoltóirí rud ar a dtugtar "cúlchorrlaigh" (*marges arrières*) in áit seirbhísí cur chun cinn speisialta nó spásáil seilfe tosaigh a d'fhéadfadh stórtha a thairiscint. De réir dealraimh tá siad sin an-chosúil le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc ar gné iad de thrádáil earraí grósaera na hÉireann.

Sonraítear in Airteagal 32/1:

> *"any retailer selling, or announcing the resale of a product at a price below its real cost is punishable by a fine of 500,000 Francs* [circa €80,000]*….The real cost is the price per unit as it appears on the invoice including taxes".*

Mar gheall ar chomh ceannasach agus atá siad ar an margadh, is féidir le miondíoltóirí móra cúlchorrlaigh mhóra a éileamh ar a gcuid soláthróirí. Bíonn soláthróirí ag gearán faoi easpa trédhearcachta ag rá go mbíonn bearta mar sin ar bun ag siopaí móra chun praghsanna mórdhíola a thabhairt síos agus mar sin ag iompú costais ar ais orthusan (.i. na soláthróirí).

[1] Tá an míniúchán sin ar dhlí na Fraince bunaithe ar ábhar a sholáthair Ambasáid na hÉireann i bPáras le caoinchead.

Bíonn roinnt miondíoltóirí ansin ag gearán, nach féidir coigiltis a bhaintear amach, nó a bhaintear amach trí eacnamaíochtaí scála ginearálta, a chur ar aghaidh chuig tomhaltóirí i bhfoirm praghsanna níos ísle.

Tá foráil sa *Loi Galland* le haghaidh roinnt eisceachtaí ar an bprionsabal ginearálta ó thaobh cosc ar dhíolachán faoi chostas. Mar shampla, maolaítear an riail maidir le 'sladmhargaí' a cheadú ar dhátaí sonraithe, áirithe, rud a chiallaíonn go gcaitheann siopaí a gcuid tionscnaimh cur chun cinn a phleanáil ag an am céanna. Cuireann sé sin cosc ar mhiondíoltóir amháin buntáiste a bhaint amach thar mhiondíoltóir eile.

Chomh maith leis sin is féidir le miondíoltóirí le siopaí níos lú ná 300m² earraí a dhíol faoin gcostas má thugann sé praghsanna ar aon dul le hiomaitheoirí lena thaobh. Tá fás tagtha ar stórtha lascainí mar atá sa Ghearmáin mar thoradh ar an bhforáil sin ina bhfuil siopaí beaga le heacnamaíochtaí scála a bhaintear amach mar gheall ar an líon beag siopaí den sórt sin atá ann. Dar le staidéar amháin, tá fás tagtha ar scair an mhargaidh atá stórtha lascaine mar sin san Fhrainc (*Aldi, Lidl srl.)* ó díreach 0.7% i 1992 go dtí 6.2% i 2003.

Mar gheall ar na héifeachtaí diúltacha atá luaite leis, go háirithe an tionchar ar phraghsanna, tá cáineadh láidir déanta ar *Loi Galland.* Tá sé líomhnaithe ag roinnt lucht tuairimíochta go bhfuil ardú 13% ar an meán tagtha ar chiseán ábhair tí ó tugadh isteach an dlí.

Tá iarrtha ag soláthróirí, miondíoltóirí móra agus ag grúpaí tomhaltóirí araon, go maolófaí na forálacha meicníocha a bhaineann le *Loi Galland.*

Thug an tIar-Aire Airgeadais agus Eacnamaíochta atá anois ina Uachtarán ar an bpáirtí UMP atá i gceannas, Nicolas Sarkozy, isteach beartais *breis-reachtacha* i 2004 a raibh sé mar aidhm acu praghsanna a bhrú síos i bhfianaise imní a bhí ar thomhaltóirí faoi bheith ag cailleadh cumhacht ceannacháin. I Meitheamh, 2004, cuireadh ina luí ar na mórshiopaí miondíola praghsanna a laghdú de 2% ar fud mílte réimse ceananchán tí laethúil le héifeacht ó Mheán Fómhair 2004. Cláraíodh laghduithe i bpraghsanna idir 1.5% agus 3% faoi dheireadh 2004.

Ag teacht leis sin, thug an tUasal Sarkozy faoi na céad chéimeanna chun an *Loi Galland* a athchóiriú.

I mí na Samhna 2004 shlánaigh sé an comhaontú i bprionsabal a bhí ag an earnáil miondíola roinnt athruithe tábhachtacha a thabhairt isteach. Cé go rabhthas chun an prionsabal a bhaineann leis an gcosc ar phraghsáil faoi chostas a choinneáil, rinneadh athmhíniú dá shainmhíniú agus tháinig athrú ar mar a ríomhadh "costas". Bhíothas chun cúlchorrlaigh mar a tugadh orthu a lánpháirtiú i gcás fíorchostas táirgí a ríomh agus mar sin an tairseach le haghaidh díolachán faoi chostas a laghdú. Bhíothas ag súil go mbainfeadh tomhaltóirí buntáiste as praghsanna níos ísle ach go leanfaí ag seasamh le haidhmeanna bunúsacha *Loi Galland* ó thaobh cleachtais chreiche nó cleachtais chairtéil a dhéanamh mídhleathach.

Ba ghné amháin de dhréacht dlí níos leithne ar Fhiontair Bheaga & Meán-Fhiontair a bhí sa nuachóiriú a bhí molta don Loi Galland. I lár mí Meithimh, 2005 chuir an tAire Fiontair Bheaga agus Meán-Fhiontair, an tUasal Renaud Dutreuil, an bille nua faoi bhráid an tSeanaid áit ar glacadh leis an 16-17 Meitheamh. Rinne teach íoctaireach pharliamint na Fraince dlí de ina dhiaidh sin in Iúil 2005. (Tuigtear go mbeidh éifeacht leis an dlí nua ar an 1 Eanáir, 2006).

Cheadaigh na teachtaí beartas chun teorainn a chur leis na táillí a d'íoc déantúsóirí le miondíoltóirí go dtí 20% de phraghas na n-earraí ar an seilf ó 2006. Faoi láthair, is féidir leis na "cúlchorrlaigh" sin suas go dtí 50% den ollphraghas a shroichint. Laghdófar tuilleadh an teorainn sin ansin chuig 15% ó 2007.

Tá prionsabal an rialtais maidir le cosc ar dhíolachán faoi chostas nuair a bhítear ag laghdú méid lascáistí soláthróirí le fáil sa téacs deiridh. Is féidir aon lacáistí a théann thar na teorainneacha nua a asbhaint as an bpraghas ar an tseilf, leis an aidhm borradh a chur faoi chaiteachas i measc tomhaltóirí. Tá an Rialtas ag cur tréimhse idirthréimhseach i bhfeidhm agus le linn an ama sin déanfar beartas forghníomhach i dtreo na teorann nua 20%. Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar na praghsanna a íocann an tomhaltóir mar thoradh ar an mbeartas.

Ciallaíonn na forálacha nua go gcaithfear anois buntáistí airgeadais a fhaigheann an imdháilteoir/miondíoltóir (.i. cúlchorrlaigh ó sholáthróirí/tháirgeoirí) a théann thar 20% de ghlan-phraghas an táirge a chur san áireamh nuair a bhítear ag ríomh an fíor ghlan-phraghas. Bheadh sé mar éifeacht aige sin (a) praghsanna a ísliú do thomhaltóirí agus (b) spreagadh a thabhairt ó thaobh deireadh a chur le cleachtas a bhfuil éifeachtaí diúltacha aige.

Thuig an tAire go raibh grúpaí leasa éagsúla i mbun dian-stocaireachta air. Níor shásaigh an 'cothromaíocht' dar leis an Aire atá bainte amach aige na táirgeoirí ná na imdháilteoirí. Mar sin féin, tá sé ráite ag roinnt breathnadóirí le linn an phróisis nach dtéann na hathruithe sách fada agus nach dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna iomaíochta níos tábhachtaí trí bheith ag spochadh thart leis an nóisean a bhaineann le "costas".

Dar le iar-Stiúrthóir Bainistíochta an IMF, Michel Camdessus, thiocfadh laghdú 5% iomlán ar phraghsanna dá gcuirfí deireadh ar fad leis an *Loi Galland*.

### 6. An Ghearmáin

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas sa Ghearmáin.

Rialaítear iomaíocht miondíola, lena n-áirítear díolacháin faoi chostas, faoi Alt 20.4 den GWB (*Competition Act).*

Tá foráil san Acht nach féidir le “miondíoltóir ceannasach” mí-úsáid a bhaint as a gcumhacht trí dhíolachán faoi chostas in iarracht an iomaíocht ar áit an mhargaidh a laghdú. Ceadaítear d’ainneoin sin do “miondíoltóirí ceannasacha” díol faoi chostas in iarracht scair den mhargadh a mhéadú, go háirithe i gcás margaí atá ag teacht chun cinn nó i gcás táirgí nua - .i. réimsí sainiúla áit nach bhfuil ceannasaíocht bunaithe fós, nó i réimsí ina bhfuil praghsáil an-ionsaitheach.

## 7. An Ghréig

Cuirtear cosc ar dhíolachán earraí grósaera faoi chostas faoi Airteagal 24 de Dhlí 2941/2001.

Breithnítear an bunphraghas mar an praghas in aghaidh gach aonaid a luaitear ar an sonrasc a sholáthraíonn an soláthróir. Ní mór aon lascainí a asbhaint as an mbunphraghas, agus caitear CBL agus aon cháin eile, lena n-áirítear costas iompair a chur leis, mura mbíonn siad luaite ar an sonrasc.

Má thugann an soláthróir asbhaint do chostas iomlán an tsonraisc, ansin roinntear an asbhaint sin go cothrom ar gach táirge a gcuirtear síos orthu ar an sonrasc.

Ní bhíonn feidhm leis an gcosc áit:

- a mbíonn táirgí gar dá ndáta éagaithe;
- a mbíonn líon mór stoic agus tá na praghsanna laghdaithe ag an soláthróir idir an dá linn;
- i gcás díolachán ina mbíonn dearbháin le hairgead bainte dóibh arna mhaoiniú ag na soláthróirí;
- a mbíonn an chuideachta nó cuid áirithe den chuideachta ag dúnadh síos.

## 8. Éire

Cuireann an tOrdú um Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera), 1987 cosc ar dhíol earraí grósaera faoin nglan-phraghas ar an sonrasc. Ní chlúdaíonn an cosc torthaí agus glasraí úra, feoil úr, iasc úr agus reoite agus earraí séasúracha.

Cuireann an tAcht Iomaíochta 2002 cosc ar chomhlacht le seasamh trádála ceannasach mí-úsáid a bhaint as an seasamh sin. Léireodh praghsanna díolacháin nó ceannacháin neamhchóir mí-úsáid den sórt sin.

## 9. An Iodáil

Faoi Ordú Uimh. 218/2001, tá, go héifeachtach, cosc ginearálta ar dhíolachán leanúnach faoi chostas san Iodáil.

Mar sin féin, ceadaíonn Ordú Uimh. 218/2001 díolachán faoi chostas áit a gcomhlíontar critéir áirithe maidir le líon na ndíolachán (gan níos mó ná 3 sa bhliain), achar díolachán den sórt sin (gan níos mó ná 10 lá), raon na n-earraí a dhíoltar (is féidir ar a mhéid 50 táirge a dhíol) agus na hidirtréimhsí idir díolacháin (ní mór de a bheith ar a laghad 20 lá seachas chéad díolachán na bliana.)

Tá foráil freisin in Ordú 2001 le haghaidh raon eisceachtaí ar an gcosc, go príomha:

- Earraí solofa;
- Táirgí bia a bhíonn gar dá ndáta éagaithe;
- Táirgí bia a bhíonn fanta tar éis féastaí áitiúla;
- Earraí a bhíonn as feidhm
- Earraí nach bia iad a mbíonn damáiste déanta dóibh, ach atá sábháilte le díol;
- Sa chás go n-osclaíonn miondíoltóir siopa nua nó go ndéantar athchóiriú ar an siopa atá ann cheana.

Cuirtear cosc freisin ar dhíolachán faoi chostas sa chás go bhfuil níos mó ná 50% den mhargadh gaolmhar san Iodáil i seilbh na ngealltanas lena mbaineann.

Tugadh isteach Ordú 2001 de bhun Ordú Uimh. 114/1998 ar Leasú trádáil mórdhíolta agus miondíola. Sainmhíníonn Ordú 1998 díolachán faoi chostas mar *"the sale to the public of one or more products at price below that resulting from purchase invoices increased by value added tax and any other tax or duty applicable to the product and decreased by any discounts or contributions related to the product, provided they are documented".*

D'fhéadfadh díolachán faoi chostas a bheith mídhleathach freisin faoi Airteagal 3 den *Italian Competition Law 287, 1990* má chleachtar é in aonturas chun srian a chur le hiomaíocht nó áit a ndéanann díoltóir mí-úsáid ar a sheasamh ceannasach le linn dó/di a bheith i mbun praghsála creiche. Lena chois sin, tá an cleachtas mídhleathach nuair a bhreithnítear é mar iomaíocht neamhchóir faoi Airteagal 2598 den Chód Sibhialta.

## 10. Lucsamburg

Cuirtear cosc ar dhíolachán earraí agus seirbhísí faoi chostas faoin Act on Commercial Practices, Unfair Competition and Comparative Advertising (Iúil 2002). Tá feidhm le heisceachtaí áirithe.

Sainmhíníonn Airteagal 3 den Acht díolachán earraí agus seirbhísí faoi chostas mar aon díolachán ar earra, nach bhfuil ar a laghad cothrom leis an bpraghas ar an sonrasc nuair a sholáthraítear é, nó le praghas an tsonraisc amach anseo. Sainmhínítear glan-phraghas ar an sonrasc mar an praghas ceannacháin, lúide aon lacáistí agus lascainí eile a fhaightear ón soláthróir nuair a chuirtear an bille amach.

Díolmhaíonn Alt 20(4) iad seo a leanas
:

- Earraí solofa
- Earraí den scoth (a chailleann a luach de réir a chéile)
- Earraí a bhaineann le hócáidí áirithe
- Athlíniú earraí chun praghsanna a mhaitseáil i gcás earraí/seirbhísí comhchosúla
- Leachtaíocht, ceannt poiblí nó sladmhargaí.

Lena chois sin, dhíolmhaigh dlí ar r-thráchtáil, a chuaigh tríd i 2004 "earraí agus seirbhísí a thairgtear nó a dhíoltar go leictreonach" ón gcosc.

Níl an dlí srianta chuig trádáil earraí grósaera.

### 11. An Ísiltír

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas san Ísiltír.

Bhí an cheist faoi ar chóir cosc den sórt sin a thabhairt isteach faoi réir ag roinnt staidéar sonraithe le déanaí, a rinneadh thar ceann na hAireachta Gnóthaí Eacnamaíochta agus na hAireachta Talmhachaíocht, rud a d'iarr parlaimint na hÍsiltíre. Mhol na tuarascálacha nach dtabharfaí cosc isteach, agus dúirt siad nach gcuideodh sé le tomhaltóirí.

Cé nach bhfuil aon chosc ginearálta i bhfeidhm san Ísiltír, cuirtear bac ar dhíolachán faoi chostas áit a ndéantar mí-úsáid ar sheasamh ceannasach faoin *Dutch Competition Act, 1956.*

### 12. An Phortaingéil

Cuirtear cosc ar dhíolachán faoi chostas le hOrdú 270/93 ina bhfuil foráil go bhfuil cosc ar díolachán a thairiscint nó earraí a dhíol ag praghas níos ísle ná a bpraghas ceannacháin i ndáiríre, ag glacadh cánacha agus costais iompair san áireamh. Tá feidhm le heisceachtaí áirithe.

Sainmhínítear an praghas ceannacháin éifeachtach mar an praghas a luaitear ar an bpraghas a bhíonn ar an sonrasc nuair a cheannaítear earra, tar éis sonraisc a bhfuil baint dhíreach acu leis an idirbheartaíocht a bhíonn i gceist a asbhaint agus a bhíonn le feiceáil ar an sonrasc féin.

Níl feidhm leis an gcosc i gcás:

- Earraí solofa;
- Earraí a bhíonn as feidhm;
- Earraí a mbeidh a gcostas soláthair níos ísle, agus ansin is é an praghas ceannacháin éifeachtach an praghas a liostálfar ar an sonrasc ceannachán nua;
- Díolachán faoi chostas a bhíonn leagtha amach chun praghsanna iomaitheoirí a mhaitseáil;
- Earraí a dhíoltar i sladmhargaí nó ar leachtaíocht.

Níl an dlí srianta chuig trádáil earraí grósaera.

### 13. An Spáinn

Tá cosc ar dhíolachán faoi chostas sa Spáinn cé go bhfuil feidhm le heisceachtaí áirithe.

Déileálann Airteagal 17 den Dlí ar Iomaíocht Neamhchóir le Díolachán ar Chaillteanas agus tá foráil ann go bhféadfaidh díoltóirí a gcuid praghsanna féin a leagan síos. Mar sin féin, forléireofar díolachán faoi chostas mar iomaíocht neamhchóir (agus mar sin mídhleathach) sna cásanna seo a leanas:

- Nuair a dhéanfaidh tomhaltóirí earráid mar gheall air faoin leibhéal praghsanna atá ar tháirgí nó ar sheirbhísí eile san áit chéanna nó

- Nuair a bhíonn an éifeacht aige droch-chlú a tharraingt ar íomhá táirge eile nó ar áit eile, nó

- Nuair is cuid de straitéis é a dhéanann iarracht in aon turas deireadh a chur le hiomaitheoirí nó le grúpa iomaitheoirí amach as an margadh.

Ina theannta sin, cuireann an *Act on the Regulation of Retail Sales, 1996,* cosc ar chleachtais áirithe áit ar tomhaltóir é an ceannaitheoir, lena n-áirítear díolacháin faoin bpraghas ar an sonrasc. Mar sin féin, níl feidhm leis an gcosc i gcás earraí solofa nó earraí a bhíonn as feidhm, áit a ndíoltar na hearraí i sladmhargadh leachtaíochta, nó chun teacht ar aon líne le praghsanna iomaitheoirí nuair a chuireann cleachtas an iomaitheora isteach go mór ar dhíolacháin.

#### 14. An tSualainn

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas sa tSualainn.

Cuireann an *Swedish Competition Act* (Airteagal 19) cosc ar mhí-úsáid a dhéanamh ar sheasamh ceannasach. Agus measúnú á dhéanamh ar dhíolachán faoi chostas, cuireann an tÚdarás tástáil iomaíochta i bhfeidhm .i. caithfidh iarracht a bheith ann srian a chur le hiomaíocht, ach sa chás go ndíolann cuideachta ceannasach faoin Meánchostas Athraithe,[2] meastar go bhfuiltear ag iarraidh é sin a dhéanamh in aon turas.

#### 15. An Ríocht Aontaithe

Níl aon chosc ar dhíolachán faoi chostas sa Ríocht Aontaithe.

Mar sin féin, faoin *Competition Act 1998,* cuirtear cosc ar mhí-úsáid a bhaint as seasamh ceannasach, agus áirítear le mí-úsáid den sórt sin praghsanna ceannacháin nó díolacháin neamhchóir.

## 9.3 Tíortha Eile

#### 1. An Astráil

Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas. Tá praghsáil chreiche mídhleathach faoi Alt 46 (1) den *Trade Practices Act,* a chuireann cosc ar ghnólachtaí a bhfuil cumhacht mhór acu ar an margadh leas a bhaint as an gcumhacht sin chun deireadh a chur le hiomaitheoir nó damáiste mór a dhéanamh d'iomaitheoir, cosc a chur ar dhuine dul isteach ar an margadh, nó srian nó cosc a chur ar dhuine dul i mbun iompar iomaíoch i margadh.

#### 2. Ceanada

Níl aon chosc ginearálta. Liostálann Alt 78 den *Canadian Competition Act* cleachtais a bhreithnítear a bheith frith-iomaíoch nuair a bhíonn comhlacht ceannasach ina mbun. I measc sin tá: "…*selling articles at a price lower than the acquisition cost for the purpose of disciplining or eliminating a competitor;".*

#### 3. An Nua-Shéalainn

Tá an cás beagnach mar a chéile sa Nua-Shéalainn agus atá san Astráil. Níl aon chosc ginearálta ar dhíolachán faoi chostas ach faigheann alt 36 den *Commerce Act, 1986,* greim ar phraghsáil chreiche, a chuireann cosc ar chuideachta buntáiste neamhchóir a bhaint as cumhacht margaidh.

---

[2] Tomhais eacnamúil ar chostas ag éirí as samhail Areeda-Turner model (féach Alt 7.9 thuas).

**4. Na Stáit Aontaithe**

Níl aon chosc ginearálta i bhfeidhm. Tá foráil sa *Robinson-Patman Act of 1936* go cion a bheidh ann *"…to sell, or contract to sell, goods in any part of the United States at prices lower than those exacted by said person elsewhere in the United States for the purpose of destroying competition, or eliminating a competitor in such part of the United States; or, to sell, or contract to sell, goods at unreasonably low prices for the purpose of destroying competition or eliminating a competitor."*

## 9.4 Conclúidí

De réir dealraimh ní fhaigheann an tuairim a léirigh roinnt páirtithe go bhfuil beartais cosúil leis an Ordú um Earraí Grósaera nó cothrom leis ag formhór den AE 15 tacaíocht ón anailís atá déanta roimhe seo, óna dtagaimid ar na conclúidí seo a leanas:

- As an AE 15, tá cosc ag seacht dtír, seachas Éire, ar dhíolachán faoi chostas. Is iad na tíortha sin ná an Bheilg, an Fhrainc, an Ghréig, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Spáinn agus an Iodáil.

- Tá foráil sa reachtaíocht chuí i gcás sé cinn de na seacht dtíortha sin (An Bheilg, an Fhrainc, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Spáinn, agus an Iodáil) le haghaidh raon níos leithne eisceachtaí ná mar a chuirtear ar fáil faoin Ordú um Earraí Grósaera.

- Go háirithe, ceadaíonn an Bheilg, an Phortaingéil, Lucsamburg agus an Fhrainc ar fad díolachán cur chun cinn faoi chostas agus díolachán faoi chostas chun praghsanna iomaitheoirí a mhaitseáil. Lena chois sin, ceadaíonn an Spáinn díolachán faoi chostas chun praghsanna iomaitheoirí a mhaitseáil.

- Ceadaíonn an Iodáil suas go dtí trí dhíolachán faoi chostas a mhaireann 10 lá gach bliain chomh maith le heisceachtaí eile.

- Nílimid in ann breithiúnas a thabhairt ar chomh daingean agus a bhíonn srian le heisceachtaí i dtíortha eile nó cad iad na himthosca a mbíonn feidhm leo. D'ainneoin sin, creidimid gur díolúiní an-tábhachtach iad agus, go bhféadfaidís, deis a thabhairt d'iomaíocht praghsanna thar mar a cheadaítear faoin Ordú um Earraí Grósaera.

- Ní chuireann na seacht dtíortha atá fágtha cosc ar an gcleachtas díolachán faoi chostas ach amháin más ionann é agus iomaíocht neamhchóir, nó mí-úsáid ar sheasamh ceannasach.

- Tá athrú déanta ar *Loi Galland* na Fraince le gairid tar éis cáineadh a dhéanamh air nach raibh sé ag feidhmiú ar mhaithe le leas tomhaltóirí.

Nílimd cinnte conas a chuirfear na hathruithe i bhfeidhm chomh fada agus a bhaineann sé le cúlchorrlaigh a chur i bhfeidhm (cosúil le lascainí nach mbíonn ar an sonrasc anseo). Bheimis in aghaidh athruithe den sórt sin a thabhairt isteach in Éirinn (féach go háirithe Caibidil 6.12 thuas).

- Ní féidir teacht ar chonclúidí maidir le chomh hoiriúnach agus atá siad ó thaobh na hÉireann agus forálacha atá i bhfeidhm i mBallstáit eile – go háirithe d'uireasa staidéar sonraithe ar choinníollacha margaidh agus ar chleachtais trádála.

**Tábla 19 Achoimre ar Dlíthe Díolachán Faoi Chostas i 15 Ballstáit de chuid an AE**

| Tír | Reachtaíocht chuí | Cosc air/Ceadaithe | Eisceachtaí |
|---|---|---|---|
| An Ostair | Cartels Act 1988, arna leasú | Ceadaithe<br>- ach amháin i gcás mí-úsáid ar cheannas (airteagail 34 & 35). | N/a |
| An Bheilg | Airt 40 agus 41 den Dlí dár dáta 14 Iúil, 1991 | Cosc air<br>- le heisceachtaí | Earraí a dhíoltar i leachtaíocht & sladmhargaí séasúracha;<br>Earraí a lobhan go héasca; earraí as feidhm, agus chun iomaitheoirí a mhaitseáil. |
| An Danmhairg | Competition Act, 1997 | Ceadaithe<br>- ach amháin i gcás mí-úsáid ar sheasamh ceannasach | N/a |
| An Fhionlainn | Competition Act, 1992 | Ceadaithe<br>- ach amháin i gcás mí-úsáid ar sheasamh ceannasach | N/a |
| An Fhrainc | Loi Galland dár dáta 1 Iúil,1996 | Cosc air<br>- Féach nótaí sonraithe thuas. | Tá |
| An Ghearmáin | Act against Restraints on Competition (GWB) (1999) | Ceadaithe<br>- ach amháin i gcás mí-úsáid ar cheannas, cumhacht margaidh nó nuair a dhéantar é chun dochar a dhéanamh do chuideachtaí níos lú. | N/a |
| An Ghréig | Dlí 2941/2001<br><br>Dlí 146/191 agus leasú 313/35 | Cosc air<br>- le heisceachtaí<br><br>Ceadaithe – mura mbreithnítear é mar iomaíocht neamhchóir<br>**Cosc air/Ceadaithe** | Earraí solofa;<br>Stoc mór;<br>Sladmhargaí leachtaíochta |
| Éire | An tOrdú um | Cosc air (le | Torthaí, glasraí úra, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Chleachtais Srianta (Earraí Grósaera) 1987<br><br>An tAcht Iomaíochta, 2002 | heisceachtaí) i gcás earraí grósaera<br><br>Cuireann Airteagal 5 cosc ar mhí-úsáid ar sheasamh ceannasach | iasc/feoil úr agus reoite, agus earraí séasúracha |
| An Iodáil | Orduithe Uimh. 114/1998 & 218/2001<br><br>Airt. 2598 Cód Sibhialta<br><br>Airt. 3 de Dhlí 287/1990 | Ceadaithe –<br>Sa chás go gcomhlíontar critéir áirithe maidir le líon, achar agus scóp na ndíolachán.<br><br>Ceadaithe<br>-ach amháin i gcásanna gur ionann é agus iomaíocht neamhchóir, mí-úsáid ar cheannas. | Earraí solofa;<br>Táirgí bia gar dá ndáta éagaithe, táirgí bia a bhíonn fágtha tar éis féastaí áitiúla, earraí a bhíonn as feidhm, earraí nach bia iad a bhfuil damáiste déanta dóibh, ach atá sábháilte le díol, nó sa chás go n-osclaíonn miondíoltóir siopa nua nó go ndéanann sé athchóiriú ar siopa a bhí ann cheana. |
| Lucsamburg | Act on Commercial Practices, Unfair Competition and Comparative Advertising, 2002, arna leasú | Cosc air<br>- le heisceachtaí | Earraí a bhfuil a luach caillte acu, sladmhargaí chun stoc a ghlanadh agus chun iomaitheoirí a mhaitseáil. |
| An Ísiltír | Economic Competition Act 1956, arna leasú | Ceadaithe<br>– ach amháin i gcá mí-úsáid ar sheasamh ceannasach. | N/a |

| Tír | Reachtaíocht Shonrach | Cosc air/Ceadaithe | Eisceachtaí |
|---|---|---|---|
| An Spáinn | Unfair Competition Act (Dlí 10/1/1991, Airt. 17)<br><br>Act on Regulation of Retail Sales, 1996, as amended | Ceadaithe – mura mbreithnítear é mar iomaíocht neamhchóir sna imthosca seo a leanas:<br><br>-má mhíthreoraíonn sé tomhaltóirí faoi phraghas táirgí nó seirbhísí eile de chuid miondíoltóirí;<br>-má tharraingíonn droch-chlú ar íomha earraí nó seirbhís tríú páirtí<br>-nuair is cuid den straitéis é deireadh a chur le hiomaitheoirí.<br><br>Cosc air<br>- le heisceachtaí | Earraí solofa, sladmhargaí leachtaíochta, agus chun iomaitheoirí a mhaitseáil. |
| An tSualainn | Competition Law 1993, Airt. 19 | Ceadaithe<br>– ach amháin i gcás mí-úsáid a dhéanamh ar sheasamh ceannasach. | N/a |
| An Ríocht Aontaithe | Competition Act 1998 | Ceadaithe<br>– ach amháin i gcás mí-úsáid a dhéanamh ar sheasamh ceannasach. | N/a |